# Glór

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

Samhain 2023


*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*


## Tech Fest Kinia sa Foundry i mBaile Átha Cliath

Bhí Dónall agus John ó Mheitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt i láthair ag Tech Fest Kinia sa Foundry i mBaile Átha Cliath ar na mallaibh. Bhí ceardlanna iontach suimiúil agus úsáideach ar siúl faoi roinnt téamaí ar nós podchraoltóireacht, ríomheolaíocht, scannánaíocht mhóibíleach, AI, réaltacht fhíorúil agus STEAM.






## Bua mór ag an t-údar áitiúil Róise Ní Bhaoill

Comhghairdeas mór leis an t-údar áitiúil as Rann na Feirste Róise Ní Bhaoill a bhain Gradam Foras na Gaeilge do 'Leabhar Ficsin Gaeilge na Bliana 2023'. Éacht ar dóigh bainte amach aici. Tá muid uilig iontach bródúil aisti.

# Bua mhór ag daltaí PSGD ag Scléip Gael Linn

Bhí lá ar dóigh ag scoláirí na Pobalscoile ag Scléip inniu 🎉 Fuair Brian Mac Aoidh an chéad áit san Amhránaíocht aonair agus ceol uirlise aonair (sóisear). Fuair Eoin Ó Fearraigh an chéad áit san amhránaíocht aonair. Bhí an bhua ag an dá ghrúpa ceoil fosta 🥳🥳 Comhghairdeas leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, Rosanna agus Theresa.



## Tráth na gCeist le daltaí Pobalscoil Ghaoth Dobhair mar pháirt do cheiliúradh 50 bliain na scoile




Bhain muid sult mhór as tráth na gceist a dhéanamh le daltaí Pobalscoil Ghaoth Dobhair le gairid mar pháirt do cheiliúradh 50 bliain na scoile. Buíochas mhór do Foras na Gaeilge as ucht duaiseanna a chur ar fáil dúinn.

# Ionadaíocht láidir ón LPT ag ócáid bhronnta Gradaim Gnó Ghlór na nGael!

Bhí lá mhór cheiliúrtha againn le gairid i bPáirc an Chrócaigh ag ócáid bhronnta Gradam Gnó le gairid. Ionadaíocht láidir ó na trí paróistí agus ón chontae ar fad. Maith sibh go léir!




# Dráma bréa in Áislann Rann na Feirste le gairid!

Bhí scaifte mór i láthair ag an dráma 'An Bhaintreach' scríofa ag Nuala Ní Mhaolchiaráin a bhí in Áislann Rann na Feirste le gairid. Bhí trí ghlúin do Chlann Mhic Grianna ag seinm rompu chomh maith le luibín ó Niamh Ní Dhubhgáin agus Clíona Ní Ghallachóir. Bhí lúchair mhór orainn a bheith ábalta tacaíocht a thabhairt don ócáid.



# Oireachtas na n-Ultach i dTeach Hiúdaí Bhig!

Bhí oíche mhór cheiliúrtha i dTeach Hiúdaí Bhig oíche Shathairn d'Oireachtas na nUltach. Bhí scaifte mór i láthair agus is cinnte gur bhain achan duine sult as. Tá aitheantas mór tuillte ag Clíona Ní Ghallachóir agus Niamh Ní Dhubhgáin a d'eagraigh an ócáid i gcomhar le Teach Hiúdaí Bhig. Comhghairdeas le gach duine a bhain duaiseanna ag an Oireachtas ón taobh seo tíre agus maith achan duine a chuaigh suas ar an ardán ar an oíche chomh maith. Chuir Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt urraíocht ar fáil don ócáid chomh maith. Tá muid brodúil go bhfuil an oiread talainn ann ón taobh seo tíre agus go fada buan a mhairfidh sé!



# Oíche shóisialta d’fhoghlaimeoirí an cheantair i gcomhphairtíocht le BSG An Chlochán Liath!



Tháinig scaifte mór amach chuig oíche shóisialta d'fhoghlaimeoirí Gaeilge i dTeach Tábhairne Séarcaigh oíche Shathairn seo caite. Bhí comórtas láidir sa tráth na gceist ach bhí an bua ag foireann Cró na gCearc sa deireadh. Ba mhaith linn buíochas mhór a ghabháil le Grainne NicNiallais agus BSG: An Clochán Liath as ucht cuidiú linn an t-imeacht seo a eagrú. Buíochas mhór tuillte ag Aodh Mac Gairbheith a bhí mar fear an tí chomh maith le John McCann a chuidigh leis na ceisteanna a dhéanamh amach agus iad a cheartú. Ba mhaith linn buíochas mhór a chur in iúl do Theach Tábhairne Séarcaigh as ucht seirbhís fíor mhaith a thabhairt dúinn ar an oíche fosta. Ní amháin sin, ach ba mhaith linn buíochas a thabhairt do achan duine a bhí i láthair ar an oíche chomh maith!

# Cur aithne ar Robert



**Ainm:** Robert Ó Maolchiaráin

**Aois:** 34

**Post:** Innealtóir Fuaime / Craoltóir Ceoil / Múinteoir Fuaime / Tacadóir Ceoil

**Caithimh Aimseartha:** Ag imirt 'Smash Bros Melee', agus a bheith ag caint le daoine. Tá suim agam i dteangacha, nuacht, fealsúnacht agus polaitíocht chomh maith.

**Bia:** Prátaí

**Deoch:** Caiféin

**Ceol:** Ceol feargach agus ceol socair

**Scannán:** Ex Drummer

**Clár Teilifíse:** Breaking Bad / Better Call Saul

**Ainmhí:** Madadh

**Ceolchoirm:** Slipknot i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2005

**Leabhar:** Capitalist Realism - Mark Fisher

**Podchraoladh:** Hardcore History - Dan Carlin

**Féile Ceoil:** Body & Soul (tá sé deas suaimhneach)

**Teanga Eachtrach:** Deutsch

**Spórt:** Smash Bros Melee Championships

**Ceoltóir**: Fred Durst

**Aisteoir:** Bryan Cranston

**Banna Ceoil:** Death Grips

**Gréasán sóisialta:** Instagram

**Amhrán is fearr leat a cheol:** Break Stuff - Limp Bizkit

**Amhrán is fearr leat a éisteacht le:** I've seen footage - Death Grips

**Tionchar is mó ar do shaol:** Les Claypool

**Fíon nó Beoir:** Beoir

**Scannáin den Seandéanamh nó Ceol den Seandéanamh:** Amhrán na Scadán

**Dodge nó GAA:** Taobh amuigh don GAA ag caitheamh toitiní

**Android nó iPhone::** iPhone don sábhailteachas

**Clú agus Cáil nó Saibhreas:** Clú agus Cáil

**Laoch:** Martin McGuinness

**Oíche amuigh:** Sweeneys Baile Átha Cliath RIP

**Cuireadh chuig cóisir:** Fred Durst

**Laethanta saoire:** Lisbóin

**Seanfhocal:** Aithníonn ciaróg ciaróg eile - éiríonn an icon seo níos fearr le haois!

**Mana saoil:** Stad ag luí thart!

**Cén áit a ba mhaith leat a bheith i gceann 10 mbliana:** Áit ar bith nach mbeidh tuilltí ag teacht isteach faoin doras!




## Ranganna Gaeilge á mhaoiniú ag Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt

### Eolas

- **Áislann Rann na Feirste**
  Ard rang achan Dé Céadaoine 9:30 - 12:30
  Bun rang ar líne Teagmháil - 0749562222
- **Ionad Naomh Pádraig Dobhair**
  Dé Máirt 10:00 - 12:00 (Meascán Léibhealacha)
  Saor in aisce Teagmháil - 074 9532949
- **Muintearas**
  Bun rang + méan rang achan Déardaoin 11 - 12:30
  Teagmháil - 0749532578
- **Ionad Pobail Chnoc Fola**
  Bun rang achan Dé Máirt 11- 12
  Teagmháil - 0879291953
- **An Crannóg**
  Achan Dé Luain 8-9 (Meascán léibhéalacha)
  Teagmháil - 0749532208